## Cló Newman (1858)



**LIV.—Scéal ar "ár uaṫḃásaċ" á ċeapaḋ ag na hÁrd-luistísí ċun fonn fola a ċur ar ṁuinntir Ṡasana. Cionnas mar a ṫáinig cóṁluċt Ċille Cainniġ.**

Ó'n uair a cuireaḋ Wentworth ċun báis b'iad na Puritánaiġ a ḃí ag riaġluġaḋ na hÉireann, agus ṫuigeadar go raiḃ d'olcas an scéil in Éirinn nár ṁór dóiḃ leiġeas éigin a ċeapaḋ go luaṫ nó go mbeaḋ Éire caillte aca. Ní ḟeadradar cad dob ḟearra dóiḃ a ḋéanaṁ. Ḃí luċt an ċumainn i ngaċ páirt den ríoġaċt agus dílseaċt don rí á ċraol aca, agus ċruṫuiġ an aimsir gur dílse ḃíodar dó 'ná na ministéirí is na hoifigiġ a ḃí ar tuarastal aige.

Ṫuigeadar, dá ḃríġ sin, nárḃ ḟuirist dóiḃ muinntir Ṡasana a ġríosaḋ i gcoinne an ċumainn in Éirinn, ná iad a ṁeallaḋ ċun a millte. Ṫuig an riaġaltas Puritánaċ i mBaile Áṫa Cliaṫ go mbeaḋ an dream i Sasana a ḃí ar ṫaoḃ an rí, go mbeidís ar ṫaoḃ an ċumainn in Éirinn agus go ndéarfaidís gur ṁó ba ċóra ann é 'ná an cumann a ḃí ag méirliġ na hAlban, agus gurḃ aṁlaiḋ ragaidís i mbun sochruiġṫe leis na taoisiġ agus ráḋ a mbéil a ṫaḃairt dóiḃ, aċ go mbeidís go mór i gcoinne iad a ċlaoiḋe le fóirneart. Ní oirfeaḋ san do sna Puritánaiġ mar ċuirfeaḋ sé deire leis an ropaireaċt "ḃeannuiġṫe" agus leis an bplanndáil "ḃeannuiġṫe" a ḃí á ḋéanaṁ aca ar ṫalaṁ na hÉireann.

Ní raiḃ aċ an t-aon tslíġe aṁáin as an gcontaḃairt. Ní raiḃ aċ an t-aon níḋ aṁáin d'iompóċaḋ muinntir Ṡasana agus an rí féin i gcoinne an ċumainn Éireannaċ, agus a ċuirfeaḋ gráin is dóistean is fonn agarta orra agus b'é sin scéal a leaṫaḋ ar an "ár is éirleaċ is búistéireaċt a ḃí déanta ar Ṗrotastúnaiġ."

Ba ṁaiṫ a ḃí fios aca ná raiḃ ár ná éirleaċ ann, aċ nár ċuma san? Níor ġáḋ aċ scéal deiṁin a ḋéanaṁ de, scéalta a ċeapaḋ mar ḟiaḋnaise leis, agus ḃí an obair déanta. B'é an t-aon dearṁad aṁáin ba ḃaoġal leo ná gur ḟanadar ró-fada gan cuiṁneaṁ air. Ní laeṫeanta aċ seaċtṁaini a ḃí imṫiġṫe, ó ḃí an t-éirġe-amaċ ann. Ḃí cunntaisí go leor scríoḃta air, agus gan focal tráċt ar an ár, nuair ba ḋóiġ le haoinne gur air ba ṁó ḃeaḋ tráċt. Dream sár-ċráiḃteaċ

Tomás de Bhál, *Eachtra na hÉireann* (Baile Átha Cliath, 1939).